CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2021/624 ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Aibreán 2021

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú faoin gCoinbhinsiún idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne, Poblacht na hÍoslainne, Ríocht na hIorua, Ríocht na Sualainne agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le nós imeachta comhchoiteann idirthurais a mhéid a bhaineann le Foscríbhinní I agus III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin a leasú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh an Coinbhinsiún idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne, Poblacht na hÍoslainne, Ríocht na hIorua, Ríocht na Sualainne agus Cónaidhm na hEilvéise, maidir le nós imeachta comhchoiteann idirthurais ([1]) ("an Coinbhinsiún") a thabhairt i gcrích an 20 Bealtaine 1987, agus thaining sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 1988.

(2) De bhun Airteagal 15(3), pointe (a), den Choinbhinsiún, tá an Comhchoiste arna bhunú faoin gCoinbhinsiún le leasuithe a ghlacadh ar na Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún trí bhíthin cinnidh.

(3) I dtús 2021, tá an Comhchoiste chun cinneadh a ghlacadh chun Foscríbhinní I agus III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú.

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1394 ón gCoimisiún ([2]) rinneadh leasú ar Airteagal 311 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([3]) (an "Rialachán Cur Chun Feidhme") maidir le hiarraidh ar aisghabháil na bhfiach custaim a aistriú. Ba cheart, dá bhrí sin, Airteagal 50 d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, ar Airteagal é a fhreagraíonn d'Airteagal 311 den Rialachán Cur Chun Feidhme, a leasú dá réir sin.

(5) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/893 ón gCoimisiún ([4]), rinneadh leasú ar Iarscríbhinn 72-04 a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme, maidir leis an nós imeachta leanúnachais gnó i gcomhair idirthurais san Aontas. Cuireadh síneadh le bailíocht na ndeimhnithe ráthaíochta cuimsitheacha páipéarbhunaithe chomh maith leis na deimhnithe ráthaíochta tarscaoilte páipéarbhunaithe chun níos mó solúbthachta a thabhairt don nós imeachta leanúnachais gnó idirthurais, agus chun na foirmiúlachtaí a bhíonn le cur i gcrích ag na húdaráis chustaim, agus na costais a thabhaíonn údaráis chustaim, a laghdú. Ba cheart, dá bhrí sin, Airteagal 79 d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú dá réir sin, mar aon le pointe 19.3, Caibidil III, Iarscríbhinn II a ghabhann le Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, ar pointe é a fhreagraíonn do phointe 19.3, Caibidil III, Cuid I, Iarscríbhinn 72-04 a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme.

([1]) IO L 226, 13.8.1987, lch. 2.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1394 ón gCoimisiún an 10 Meán Fómhair 2019 lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 i dtaca le rialacha áirithe i leith faireachas agus saoradh ón tsaorghluaiseacht agus ón dul amach as limistéar custaim an Aontais (IO L 234, 11.9.2019, lch. 1).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais a chur chun feidhme. (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/893 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais a chur chun feidhme. (IO L 206, 30.6.2020, lch. 8).

(6) Nuair a scoirfidh Cód Custaim an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe, Tuaisceart Éireann as an áireamh, is ina Pháirtí Conarthach ar leith ([5]) a dhéanfar an Ríocht Aontaithe a aontú leis an gCoinbhinsiún, agus beidh feidhm ag Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann, prótacal ar cuid dhílis é den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([6]). Tá tagairtí sa Choinbhinsiún do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, do thíortha comhchoiteanna idirthurais, agus do chód gach tíre faoi seach. Dá bhrí sin, is gá Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú chun cur in iúl gur tír chomhchoiteann idirthurais í an Ríocht Aontaithe, agus go bhfuil feidhm ag Cód Custaim an Aontais i dTuaisceart Éireann, go mór mór a mhéid a bhaineann leis na forálacha maidir le ráthaíochtaí.

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú, a mhéid a bhaineann le leasú ar Fhoscríbhinní I agus III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, ós rud é go mbeidh an leasú sin ina cheangal ar an Aontas.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den Chomhchoiste le linn a 33ú chruinniú nó ag cruinniú eile ina dhiaidh sin, nó trí bhíthin nós imeachta scríofa, a mhéid a bhaineann le leasuithe ar Fhoscríbhinní I agus III a ghabhann leis an gCoinbhinsiúin, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste ([7]).

Féadfaidh ionadaithe an Aontais mionathruithe teicniúla ar an dréachtchinneadh a chomhaontú sa Chomhchoiste, gan cinneadh eile ón gComhairle.

Airteagal 2

Tiocfiadh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Aibreán 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. P. ZACARIAS

([5]) Cinneadh Uimh. 1/2018 den Chomhchoiste AE-CTC an 4 Nollaig 2018 maidir le cuireadh don Ríocht Aontaithe a theacht chun aontachais sa Choinbhinsiún ar nós imeachta comhchoiteann idirthurais [2018/1987] (IO L 317, 14.12.2018, lch. 47).
([6]) IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.
([7]) Féach doiciméad ST 6126/21 arhttp://register.consilium.europa.eu